Isteach san Eoraip:

# ÉIRE & AN tAE

1973-2023



# Isteach san Eoraip:
# ÉIRE & AN tAE
## 1973-2023


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| 'Tá' leis an Eoraip | 5 |
| Margadh Amháin | 7 |
| Talmhaíocht agus Iascaigh | 9 |
| Pobail le Chéile | 11 |
| Mná na hÉireann ar son an Athraithe | 13 |
| Stát Ceannasach sa Domhan | 15 |
| An Léann san Eoraip | 17 |
| Ag Méadú na hEorpa | 19 |
| An Eoraip in Éirinn | 21 |
| Tír le Teanga | 23 |
| Glór na hÉireann san Eoraip | 25 |


Cé gur úsáideadh CEE, Comhphobail na hEorpa agus CE mar ainm ar Aontas Eorpach an lae inniu, is é an t-acrainm AE a úsáideadh síos tríd an taispeántas seo.

FREAGAIRT DON CHINNEADH DUL ISTEACH SA CEE
1972
Cartlann RTÉ (rte.ie)

Isteach san Eoraip:
# ÉIRE & AN tAE
1973-2023

**Caoga bliain um an dtaca seo, ar an 1 Eanáir 1973, chuaigh Éire go hoifigiúil le pobal nua: Comhphobail na hEorpa (CE). Chuir muintir na hÉireann a dtuairim in iúl go soiléir i reifreann i mBealtaine 1972: theastaigh uathu dul leis an Eoraip, agus bhí 83% ar son dul isteach.**

Nuair a chuathas sa CE bhíothas ag súil le caighdeáin níos airde maireachtála, praghas níos fearr ar tháirgí na talmhaíochta, margaí nua tionsclaíochta, agus tuilleadh post. Bhí caoga bliain ann ó baineadh neamhspleáchas na hÉireann amach, agus mar sin ba ionann dul isteach seo na hÉireann agus an fhorbairt is suntasaí i ngnóthaí eachtracha, agus i bhflaitheas an náisiúin go deimhin, ó bunaíodh stát na hÉireann in 1922.

Bhí Éire ina hoileán scoite ar imeall na hEorpa, gan aici ach geilleagar beag, ach ó 1973 tá sí tar éis forbairt ina sochaí chomh hoscailte, domhandaithe, forásach le haon cheann eile ar domhan. Tá an tAE tar éis sochaí agus cultúr na hÉireann a chlaochlú, agus a caidreamh a athneartú le comharsana na mór-roinne. Ar an gcaoi sin, tá Éire anois ina ball beoga lárnach i bpobal seo na stát Eorpach.

Tá cloch mhíle seo na leathchéad bliain mar chúis againn ár machnamh a dhéanamh ar bhallraíocht na hÉireann san AE agus ar an gciall atá le bheith inár nÉireannaigh agus inár nEorpaigh ar aon. Tá trí mhilliún go leith de shaoránaigh na hÉireann nach bhfuil eolas acu ar Éirinn lasmuigh den AE. Sa taispeántas seo déantar tagairt do chuid na buaicphointí a tháinig lenár mballraíocht le caoga bliain anuas.


1: Síniú le Conarthaí na Róimhe, a chruthaigh an CEE agus EURATOM, an 25 Márta 1957.
(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

2: An Taoiseach Jack Lynch agus an tAire Gnóthaí Eachtracha an Dr Patrick Hillery TD ag cur a lámh le ballraíocht na hÉireann sa Chomhphobal Eorpach, An Bhruiséil, an 22 Eanáir 1972.
(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

Thíos: Bileog faisnéise faoi impleachtaí na ballraíochta sa CE d'Éirinn, arna foilsiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha in 1972.
(bailiúchán pearsanta, Michael Kennedy)

## 'CROSBHEALACH AN-TÁBHACHTACH'

An Taoiseach Jack Lynch ag fógairt go mbeadh reifreann ann faoi dhul isteach sa CEE sa Dáil, 21 Márta 1972



1.



## BHÍ AN POBAL RIAMH I gCEARTLÁR AN tSAOIL IN ÉIRINN.

2.



'TÁ' LEIS AN EORAIP
1972
Cartlann RTÉ (rte.ie)



Ba ghá leasú a chur le Bunreacht na hÉireann dá mbeadh Éire le dul isteach i gComphobail na hEorpa. Bheadh an cinneadh faoi dhul isteach le déanamh ag muintir na hÉireann ar an 10 Bealtaine 1972. Bheadh an moladh seo ar an chéad leasú bunreachtúil a bheadh le faomhadh ag reifreann in Éirinn.

Roimh 1995 ní bhíodh aon cheangal ar an rialtas eolas a chur ar fáil faoi bhuntáistí agus mhíbhuntáistí na ceiste i reifreann, agus dá réir sin bhí de shaoirse ag rialtas Fhianna Fáil de chuid Jack Lynch bheith ar son 'Tá' sa reifreann.

Bhí Fianna Fáil, Fine Gael agus páirtithe leasmhara ar nós Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann ar son 'Tá' sa reifreann. Bhí feachtas níos lú ar an taobh eile, agus an Lucht Oibre, Sinn Féin, roinnt ceardchumann agus grúpaí leasmhara ar nós thionscal na hiascaireachta mara i gceannas air.

Ba iad an Taoiseach Jack Lynch agus an tAire Gnóthaí Eachtracha Dr Patrick Hillery TD a bhí ar thús cadhnaíochta san fheachtas ar son 'Tá'. Chuaigh siad ó cheann ceann na tíre ag moladh an aontachais do ghrúpaí earnála agus leasmhara.

Bhí Lynch agus Hillery ar aon intinn nach mbeadh Éire in ann lán a hacmhainne a bhaint amach lasmuigh den CE. An cuspóir ba mhó a bhí acu ná leas na ballraíochta a chur chun cinn i measc lucht talmhaíochta le gealltanais faoi phraghsanna níos fearr láithreach bonn i ngeall ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), agus an leas níos fadtéarmaí a thiocfadh leis an rochtain ar mhargaí na hEorpa maidir le fás na tionsclaíochta agus méadú na fostaíochta.

Rinneadh an vótáil ar an Déardaoin an 10 Bealtaine 1972 idir a 9r.n. agus a 9i.n.. Chaith 70.88% vóta, agus bhí 83.1%, nó 1.2 milliún de mhuintir na tíre, ar son an aontachais. Bhí pobal na hÉireann chomh muiníneach céanna le Jack Lynch go raibh ar chumas na hÉireann 'áit chothrom a ghlacadh in Eoraip na haimsire romhainn.'

# 'TÁ' LEIS AN EORAIP

1: Feachtas ar son 'Níl'.


(*The Irish Times*)

2: An tUachtarán Éamon de Valera agus an Taoiseach Jack Lynch tráth a cuireadh a lámh leis an Ionstraim Aontachais leis an CEE.

(*The Irish Times*)

Thíos: An Óige ar son 'Tá', 'The balance favours entry ... say Yes to Europe'. 1971.

(NLI Ephemera Accession 1595)






1.

2.



Ag imeacht chun vóta a chaitheamh.
(*The Irish Times*)

# MARGADH AMHÁIN

Bunchloch de chuid na comhtháiteachta Eorpaí ba ea Conradh na Róimhe in 1957, agus is ann a cuireadh focail ar ghealltanas go mbeadh saoirse gluaiseachta ag earraí, seirbhísí, caipiteal agus daoine ar fud ‘margadh comónta’. Bheadh margaí comónta dá leithéidí chun sochair gach uile bhall den phobal i ngeall ar an mborradh eacnamaíoch agus ar an bhforbairt shóisialta a thiocfadh leo.

Léiriú ar a fheabhas a d’éirigh le ‘margaí comónta’ ba ea go raibh dhá oiread tomhaltais ar chruach sna sé cinn de Bhall-Stáit a bhunaigh an CEE idir 1952 agus 1962, i ngeall ar bhunchloch eile de chuid na comhtháiteachta Eorpaí, mar atá Comhphobal Guail agus Cruaiche na hEorpa ó 1951 amach.

Cuspóir sin borradh tionsclaíochta agus tráchtála a tionscnaíodh le Conradh na Róimhe, tháinig dá bhun gur cruthaíodh an ‘Margadh Aonair’ ar fud an Chomhphobail a tháinig i bhfeidhm go dlíthiúil ar an 1 Eanáir 1993. Cuireadh deireadh ansin leis an teorainn chustaim a bhí ar oileán na hÉireann cúig bliana sula mbeadh deireadh, i ngeall ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, leis an riachtanas le seiceálacha teorann a bhain le cúrsaí slándála.

Meastar anois go bhfuil sochar suas le €30 billiún sa bhliain a thagann le ballraíocht na hÉireann sa ‘Mhargadh Aonair’. Tá an tAE i measc na Stát Aontaithe agus na Síne ar na geilleagair is mó ar domhan. Níl an srian sin ar Éirinn a thuilleadh go bhfuil margadh beag sa bhaile aici agus róspleáchas ar an tráchtáil le Sasana, nó tá nasc ann a dhéanann éascaíocht d’Éirinn teacht ar mhargadh ina bhfuil 27 tír, timpeall 450 milliún duine agus breis agus 20 milliún gnólacht. I ngeall ar an rannpháirtíocht sa mhargadh aonair Eorpach tá geilleagar na hÉireann agus onnmhaireoirí na hÉireann níos athléimní tar éis suaitheadh eacnamaíoch, ar nós ghéarchéim ola na 1970í, tobthitim eacnamaíoch 2008 agus, le fíorghairid, an phaindéim Covid-19.

**MÍNIÚCHÁN FAOIN IONSTRAIM EORPACH AONAIR**
1987
Cartlann RTÉ (rte.ie)


Isteach san Eoraip:
**ÉIRE & AN tAE**
1973-2023

Thíos: ***The Common Market and How it Works*** **leabhrán a d’fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha.**

**(bailiúchán pearsanta, Michael Kennedy)**

Bun: **Bróisiúr Éireannach a tugadh amach ag aonach tráchtála Anuga, a bhí ar cheann d’aontaí agraibhia móra an domhain. Cologne, Deireadh Fómhair 1987.**

**(NAI 2017/14/21)**








Tom Wall, Príomh-Oifigeach Airgeadais ag FINEOS, Richard Bruton TD, Aire Fiontraíochta, Post agus Nuálaíochta na hÉireann, agus Cecilia Malmström, Ball de Choimisiún na hEorpa um Thrádáil. Tháinig Malmström go Baile Átha Cliath ar cuairt ar áitreabh FINEOS, comhlacht bogearraí Éireannach a bhfuil oifigí aige san Eoraip agus áiteanna eile.

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

1: Christine Lagarde, Stiúrthóir an IMF, agus Valdis Dombrovskis, Leas-Uachtarán an EC um an Euro agus Idirphlé Sóisialta, agus iad i mBaile Átha Cliath in 2015 ar imeacht a d'eagraigh Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ), an tIonad Taighde sa Bheartas Eacnamaíoch (CEPR) agus an Ciste Airgeadaíochta Domhanda (IMF).

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

1.



DEONTAIS CEE D'FHEIRMEOIRÍ
1986
Cartlann RTÉ (rte.ie)



**Bhí ról lárnach riamh ag an bhfeirmeoireacht i saol na hÉireann. Tá an talmhaíocht ar an earnáil dhúchasach is tábhachtaí fós sa tír, agus timpeall 170,000 duine fostaithe san agraibhia; meastar go bhfuil luach timpeall €15 billiún sa bhliain le honnmhairithe bia agus dí ó Éirinn.**





**Tá príomhstraitéis talmhaíochta an AE, mar atá breactha sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT), ar cheann de na beartais is tábhachtaí san AE. Tugadh an CBT isteach chun bia inacmhainne sábháilte ardcháilíochta a chur ar fáil, anuas ar a chinntiú go mbeidh caighdeán cothrom maireachtála ag feirmeoirí, le meicníochtaí maoinithe na talmhaíochta. Bhí ceangal ar dtús idir an Comhbheartas Iascaigh (CI) agus an CBT ach le himeacht ama d'éirigh siad neamhspleách ar a chéile.**

**Mar náisiún oileánda, bhí tábhacht riamh freisin leis an iascaireacht ó thaobh an gheilleagair agus an phobail de. Tá bia mara den scoth ar fáil ón uisce glan nadúrtha atá lenár gcósta leis na mílte bliain. Tá OTI measta €1 billiún sa bhliain ag tionscal iascaireachta na hÉireann.**

**Ar na cúiseanna seo ar fad, is gné lárnach iad na beartais feirmeoireachta agus iascaireachta den phlé a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san AE, agus tá infheistíocht mhór déanta ag an Eoraip i gcumas na hÉireann an pobal a chothú.**

**Tharla gur cuid d'Aontas Eorpach iad, ní bhíonn feirmeoirí agus iascairí na hÉireann ag tabhairt faoi na dúshláin seo as a stuaim féin amháin. Bíonn Éire ag comhoibriú le Ball-Stáit AE eile chun teacht ar réitigh ar shaincheisteanna feirmeoireachta agus dobharshaothraithe ag leibhéal domhanda agus áitiúil. I rith an ama sin tá Éire ag múnlú an bheartais mar bhall den Chomhphobal.**

**Tá pobail feirmeoireachta agus iascaireachta na hÉireann, ar 135,000 feirm agus beagnach 1,900 sóitheach iascaireachta, ag cur beatha clúiteach ar fáil d'Eorpaigh i bhfad agus i gcóngar.**

1: **José Manuel Barroso, Uachtarán an AE** (an tríú duine ó chlé), **ar cuairt in 2009 ar Mhargadh Bainne Luimnigh.**

**(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)**

2: **Karmenu Vella, Ball den Choimisiún Eorpach ar a bhfuil cúram an Chomhshaoil, Gnóthaí Mara agus Iascaigh** (sa lár), **ag déanamh imscrúdaithe ar ghliomach agus é ar cuairt in 2015 ar iascaire i gCorcaigh, Kieran Healy, agus Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara i láthair** (ar dheis).

**(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)**

# TALMHAÍOCHT & IASCAIGH



**Michael Barnier** (tríú duine ó chlé)**, príomh-idirbheartaí Brexit an AE, ar cuairt ar theorainn na hÉireann i mBealtaine 2017. Údar imní faoi leith don earnáil agraibhia ar an dá thaobh den teorainn an cinneadh a rinne an Bhreatain imeacht as an Aontas Eorpach. Sa phictiúr freisin tá** (clé – deas) **Heather Humphreys TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; Máiread McGuinness MEP, Leas-Uachtarán Phairlimint na hEorpa; agus** (dara duine ón taobh deas) **Charles Flanagan TD, Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.**

**(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)**

CEE AG CUR LE CISTE NA hÉIREANN
1989
Cartlann RTÉ (rte.ie)

Isteach san Eoraip:
ÉIRE & AN tAE
1973-2023

Bhí tionchar cinniúnach ag an AE ar an tsíocháin a thabhairt go hÉirinn. Mar a luaigh John Hume tráth, le húdarás, 'is é an tAontas Eorpach an sampla is fearr i stair an domhain den réiteach coimhlinte.'

Tá de chuspóir ag an gcomhtháthú an tsíocháin a neartú ar mhór-roinn na hEorpa agus thairis sin amach. Léirigh Éire tiomantas do na cuspóirí sin fiú sula ndeachaigh sí leis an CEE in 1973. Mar shampla, bhí Éire in 1949 ar na chéad tíortha a chuir síniú leis an Reacht a chruthaigh Comhairle na hEorpa agus Coinbhinsiún na hEorpa agus an Chúirt um Chearta an Duine.

Sa bhaile féin, bheadh tús áite ar ball ag ceisteanna síochána agus comhoibrithe óir bhí an saol ag éirí corraithe i dTuaisceart Éireann le tús na dTrioblóidí in 1969. Ní raibh ach ocht lá caite tar éis Éire a síniú a chur leis an gConradh Aontachais leis na Comhphobail Eorpacha nuair a tharla 'Domhnach na Fola' a chuir an troid in Éirinn i measc na gcinnlínte nuachta ar fud an domhain. Le linn na corraíola sin ar fad is minic a bhí Pairlimint na hEorpa mar ardán neodrach polaitiúil ina mbíodh deis ag Náisiúnaigh agus Aontachtaigh Thuaisceart Éireann bualadh lena chéile.

Bhí athrú mór treo ann in 1998 tráth a síníodh cloch mhíle sin Chomhaontú Aoine an Chéasta, a thug an tsíocháin ar ais go hÉirinn den chuid is mó. Bhí an tAE mar thaca riamh ag próiseas síochána na hÉireann le tionscadail ar nós na gclár cistithe PEACE agus tríd an teagmháil eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn.

Le gairid, is iomaí impleacht a bhí le cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht ón AE. Le linn na hidirbheartaíochta ar fad faoin mBrexit bhí imthosca uathúla oileán na hÉireann mar thosaíocht ag an AE. Cinntíonn an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, atá mar chuid den Chomhaontú Aistarraingthe idir an RA agus an AE, nach mbeidh teorainn chrua ar an oileán agus tugann cosaint don mhéid a gnóthaíodh sa phróiseas síochána chomh maith le hiontaofacht an Mhargaidh Aonair.

1: **José Manuel Barroso** (lár), **Uachtarán an AE le Ian Paisley** (ar clé), **Céad-Aire ainmnithe Thionól Thuaisceart Éireann, agus Martin McGuinness** (ar dheis), **Leas-Chéad-Aire ainmnithe Thionáól Thuaisceart Éireann. Ar an ócáid chéanna sin, d'fhógair Barroso go gcruthófaí táscfhórsa laistigh den Choimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar na féidearthachtaí i dtaca leis an réigiún rochtain níos fearr a fháil ar chlár agus ar bheartais an chomhphobail.**

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

2: **Bhí John Hume, Ceannaire an SDLP agus buaiteoir Dhuais Nobel, ina Bhall ar feadh cúig bliana 's fiche de Phairlimint na hEorpa. San íomhá seo tá Hume ag caint le Gay Byrne mar aoi ar RTÉ ar *The Late Late Show*, Deireadh Fómhair 1998.**

(RollingNews.ie)

# POBAIL LE CHÉILE






1.



2.

**Chuir an CE cistí struchtúracha ar fáil le haghaidh scoileanna imeasctha a dhearadh agus a chur ar siúl i mBéal Feirste 1995.**
**(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)**

TREORACHA CEE MAIDIR LE COMHIONANNAS
1986
Cartlann RTÉ (rte.ie)



**Is mó go suntasach na cearta atá ag mná a tháinig in inmhe ó 1973 ná a bhí ag a máithreacha, a bhuí go mór le ballraíocht an AE. Tá an comhionannas inscne ar cheann de bhunphrionsabail an dlí AE agus tá reachtaíocht i dtaca le cearta cothroma ann ó chéad laethanta an chomhtháthaithe. Déanta na fírinne, tá an bunphrionsabal 'pá cothrom ar obair chothrom' ar fáil i gConradh na Róimhe in 1957.**

Faoi 1973 is suntasach an leithcheal a bhíodh ar mhná san ionad oibre. Glacadh leis go bhfuair fir níos mó as an tasc céanna a chur i gcrích.

Is malltriallach a tháinig 'Pá cothrom ar obair chothrom' go hÉirinn na 1970í. Bhí toirmeasc pósta ann agus iachall ar mhná i bpoist sa tseirbhís phoiblí éirí as nuair a phósfadh siad; baineadh an srian sin amach mar gheall go díreach ar bhallraíocht an CEE.

Ar an mbunús dlíthiúil a cuireadh ar fáil i gconarthaí ina dhiaidh sin, tá ballstáit, Éire san áireamh, tar éis glacadh le trí cinn déag de threoracha maidir leis an gcomhionannas inscne ó bhí 1975 ann. Tá na treoracha seo tar éis a chinntiú, i measc rudaí eile, go mbeidh cóir chothrom ann maidir le rochtain ar obair, oiliúint, ardú céime agus cúinsí oibre, chomh maith le cearta ráthaithe i dtaca le saoire tuismitheoireachta agus cosaint ar oibrithe atá torrach agus máithreacha atá ag cothú linbh.

Nuair a chuaigh Éire isteach sa CEE ní raibh ach 287,000 bean Éireannach fostaithe, nó 27% den lucht saothair ar fad. Faoi 2018 bhí breis agus 804,700 bean sa mhargadh oibre, rud is ionann agus ráta rannpháirtíochta 77.2% de mhná na tíre.

Cé gur mór an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an gcomhionannas inscne a bhaint amach, tá bearnaí fós ann agus cuid mhór le leasú fós. Ach ní féidir a shéanadh, maidir le mná na hÉireann agus a gclann, gur mór an luas a chuir an comhtháthú Eorpach leis an gcomhionannas inscne.

# MNÁ NA hÉIREANN AR SON AN ATHRAITHE

1: **Toscairí a labhair le comhdháil an CE faoi 'Mná agus Comhlánú an Mhargaidh Inmheánaigh' a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath in 1990.** Ó chlé go deas; **anaithnid, Michael Keegan, Bertie Ahern TD (Aire Saothair Fhianna Fáil), Cathaoirleach na Gníomhaireachta um Chomhionannas Fostaíochta an Breitheamh Catherine McGuinness agus Cathaoirleach Choiste Chearta na mBan Christine Crawley MEP (Feisire i bPairlimint na hEorpa).**

**(Cartlann RTÉ)**

Thíos: ***Irishwomen Chains or Change: The Civil Wrongs of Irish Women*, published by The Irish Women's Liberation Movement, 1970.**

**(NA DT 2002/8/60)**





Cuairt Uachtarán na hÉireann, Mary Robinson ar an CE, le Jacques Santer, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh.

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

1.

# STÁT CEANNASACH SA DOMHAN

**Tá stair uathúil na hÉireann tar éis dul i bhfeidhm ar an gcaoi ar tháinig sí ar an ardán domhanda agus ar a ról san Aontas Eorpach ó bhí 1973 ann. Léiríonn an ról sin an acmhainn atá ag stáit níos lú dul i bhfeidhm ar bhaill níos mó sa Chomhphobal. Tá cúram tábhachtach ar an AE i gcúrsaí idirnáisiúnta tríd an taidhleoireacht, an trádáil, an tsíocháin a choimeád, an tsláinte phoiblí a chur chun cinn, cur in aghaidh an athraithe aeráide, mar aon le clár oibre gníomhach san fhorbairt idirnáisiúnta, agus cuireann Éire leo seo lena rannpháirtíocht i gceapadh agus i bhfeidhmiú bheartas seachtrach an AE.**

Tá taithí fhada ag Éirinn ar an gcóilíneachas agus i ngeall air sin agus ar an streachailt chun saoirse a bhaint amach tá an-dáimh go deo aici lena ceannas náisiúnta féin. Mar sin féin dar le mórchuid de mhuintir na hÉireann gur cinneadh é an comhcheannas a thógáil le páirtithe Eorpacha in 1973 a thug deis don Stát a leas idirnáisiúnta a lorg tríd an AE.

Is maith an clú atá ar Éirinn i dtaca le síocháin a choimeád leis na NA, agus idir sin agus breis agus céad bliain de rannpháirtíocht ghníomhach idirnáisiúnta ag leibhéal an stáit, bhí aird i gcónaí in Éirinn ar fhorbairt an bheartais Eorpaigh i réimse gnóthaí eachtracha, slándála agus cosanta. Is dá bhun sin a tháinig na prótacail maidir le neodracht na hÉireann i gConradh Nice.

Go ginearálta, léiríonn suíomh idirnáisiúnta na hÉireann agus a suíomh san AE conas a láimhseálann an tAontas na beartais chomhónta slándála agus cosanta agus san am céanna a neart féin a fhágáil ag ballstát neodrach.

Oibríonn an Coimisiún Eorpach le hÉirinn chun uaillmhianta comónta a bhaint amach maidir leis an athrú aeráide, agus is ríthábhachach é chomh maith ó thaobh ballstáit a ghríosú agus a spreagadh chun gníomh cinnte a dhéanamh. Bhí gá lena leithéid de ghníomhú i gcomhpháirt tráth a tháinig Covid-19 go hÉirinn in 2020. Ar iomad slite, is sampla é nascthacht na hÉireann leis an AE den idirspleáchas atá eadrainn ar fad ar deireadh, mar a deir an seanfhocal: 'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'.

**IONSTRAIM EORPACH AONAIR AGUS NEODRACHT**
1986
Cartlann RTÉ (rte.ie)

Isteach san Eoraip:
ÉIRE & AN tAE
1973-2023

1: **Garret FitzGerald TD, Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann, Uachtarán in oifig ar Chomhairle an CE, ag caint le Seewoosagur Ramgoolam, Príomh-Aire na Maratáine tráth a síníodh Coinbhinsiún Lomé i dTóga, 1975. Ba gheall an coinbhinsiún le céim thábhachtach san fhorbairt ar chaidrimh thrádála agus fhóirithinte idir an CEE agus stáit na hAfraice, Mhuir Chairib agus na tíortha ACP.**

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

2: **An Taoiseach Leo Varakdar, Aire Stáit don Chosaint Paul Kehoe TD agus Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann An Leas-Aimiréal Mark Mellett DSM, in éineacht le baill d'Óglaigh na hÉireann imlonnaithe le Misean Oiliún an Aontais Eorpaigh (EUTM) i Maili, Eanáir 2019.**

(Roinn an Taoisigh)

3: (Clé-Deas) **Trevor Sargent TD, Ceannaire An Pháirtí Ghlais agus Nuala Ahern MEP le linn chomhdháil de chuid an Pháirtí Ghlais faoi reifreann Nice in 2002, Teach Ósta Buswells, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2002.**

(RollingNews.ie)


IRLANDE
PRESIDENT
CONSEIL CEE
ILE MAURIC

1.



2.

3.


For a
Democrati
Europe

Tá Coláistí na nGael i mBobbio na hIodáile, Salamanca na Spáinne agus Lobháin na Beilge, agus áiteanna eile nach iad, mar chrúthúnas ar an dúil a bhí ag na Gaeil chomh fada siar leis na Meán-Aoiseanna, an taisteal go Mór-Roinn na hEorpa a mheascadh leis an scoláireacht agus leis an léann. Déanta na fírinne, is minic a luaigh Robert Schumann, 'athair na hEorpa' gurbh é Columbanus Naofa na hÉireann (543-615) a naomhphátrún féin agus iad ag cur tús le tionscadal na hEorpa.

Le blianta beaga anuas tá an tsoghluaisteacht a tháinig le ballraíocht na hÉireann san AE mar chuid den saol laethúil. Is féidir le saoránaigh na hÉireann taisteal go Ball-Stát ar bith de chuid an AE gan bacadh le visa a fháil. Is féidir a rá, go deimhin, gur den óige anois é staidéar a dhéanamh i dtír de chuid na hEorpa.

Ó seoladh Erasmus, clár an AE don staidéar agus obair thar lear, in 1987, tá breis agus 65,000 mac léinn agus ball foirne as Éirinn tar éis bheith páirteach san fhoghlaim seo ar fud na hEorpa. Ba dhóigh le cuid mhór gurbh é Peter Sutherland, Coimisinéir as Éirinn, 'athair Erasmus'. Ba chlár é a bheadh, ar ball, ar an gclár staidéir thar lear ba mhó dá leithéid ar domhan.

Is Erasmus+ a thugtar anois air, agus bíonn breis agus 25,000 sa bhliain ag teacht chun obair nó staidéar a dhéanamh in Éirinn, rud a fhíoraíonn an fhís a bhí ag Columbanus, Schumann agus Sutherland an taisteal Eorpach a mheascadh le deiseanna oideachais.

# AN LÉANN SAN EORAIP

COLÁISTE NA nGAEL, LOBHÁIN
1987
Cartlann RTÉ (rte.ie)



1: **Mariya Gabriel, Coimisinéir na hEorpa um Nuálaíocht, Taighde, Cultúr, Oideachas agus Óige, ar cuairt ar Bhaile Átha Cliath chun plé a dhéanamh ar chúrsaí ar nós rannpháirtíocht na hÉireann i Straitéis Eorpach na nOllscoileanna agus Erasmus+, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Feabhra 2022.**

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

2: **Mary McAleese, iar-Uachtarán na hÉireann, cathaoirleach ar an nGrúpa Ardleibhéil um Nuachóiriú an Ard-Oideachais, an Bhruiséil, Meán Fómhair 2012.**

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

Thíos: **Máire Geoghegan-Quinn, Coimisinéir CE um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, ag cur fáilte roimh ghrúpa mac léinn de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an Bhruiséil, Eanáir 2011.**

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)




of High Level Group on
sation of Higher Educat
Enabling Europe's higher education
to promote excellent teaching and
innovation and growth in Europe
Commission européenne
European Commission

2.

1.

TÁ GLACTHA LE CONRADH LIOSPÓIN
2009
Cartlann RTÉ (rte.ie)

Isteach san Eoraip:
ÉIRE & AN tAE
1973-2023

**Tá Éire caoga bliain san AE, ach le caoga bliain chomh maith tá an Comhphobal ag fás.**

Chuaigh Éire isteach sna chéad mhéaduithe a rinneadh in 1973 – in éineacht leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Danmhairg. Bheadh deich bliana arís ann sula gcuirfí ball eile leis an gComhphobal, ar theacht isteach na Gréige in 1981.

Ó thaobh na méaduithe de, bhí Éire i lár an aonaigh nuair a tharla an méadú ba mhó, nuair a tháinig deich mballstát nua isteach san AE in 2004 agus Éire mar Uachtarán ar an AE san am.

Bíonn sealaíocht 6 mhí i gceist idir ballstáit an AE le hUachtaránacht na Comhairle. Le linn na tréimhse seo bíonn an stát sin is Uachtarán mar chathaoirleach ar chruinnithe ag gach leibhéal den Chomhairle, agus cabhraíonn leis an gcomhleanúnachas a chinntiú i dtaca le hobair an AE sa Chomhairle. Bhí Éire mar Uachtarán ocht mbabhta éagsúla le caoga bliain anuas, agus an chéad bhabhta acu sin dhá bhliain go díreach tar éis teacht isteach, in 1975.

Tugann seal mar uachtarán an deis do gach ballstát, bíodh sé beag nó mór, bheith ar stiúir an AE. Is in 2026 arís a bheidh Éire ina huachtarán ar an AE.

Ar feadh caoga bliain ó chuaigh Éire isteach san AE tá tacaíocht an phobail, den chuid is mó, ag an gComhphobal, cé nár glacadh i dtosach le conarthaí Nice agus Liospóin, rud a chuir daoine ag smaoineamh beagán faoi chúrsaí.

Ar an iomlán, is tuairim an mhionlaigh é nach dea-rud í an bhallraíocht san Eoraip. Bhí tuarascáil Eurobarameter ann (2022) a thugann le fios go bhfuil 'íomhá dhearfach den AE' ag 71% díobh siúd a d'fhreagair in Éirinn. Is dócha go mbeadh an tuairim sin chun sástacht na ndaoine sin a sheol Éire an bealach seo tá leathchéad bliain ó shin; ar an iomlán tugann torthaí Eurobarometer le fios go gcreideann Éireannaigh gur suntasach dearfach an fhorbairt do phobal na hÉireann an bhallraíocht sa CE.

1: An Taoiseach Bertie Aherne agus an tAire Gnóthaí Eachtracha Dermot Ahern ag cur a lámh le Conradh Liospóin, 13 Nollaig 2007. Bhí sé mar chuspóir ag an gconradh éascaíocht a dhéanamh den mhéadú amach anseo ar an AE.

(Roinn Gnóthaí Eachtracha)


2: Páistí scoile ó thíortha éagsúla ag fanacht lena mbratach náisiúnta a bhronnadh ar Chéad-Airí nó Chinn Stáit ag Áras an Uachtaráin mar chuid de Shearmanas Lá na Fáilte, Bealtaine 2004.


(RollingNews.ie)

Thíos: An stampa a rinne comóradh ar chaoga bliain ag Éirinn sa Chomhphobal Eorpach.

(le caoinchead An Post)

# AG MÉADÚ NA hEORPA





1.

2.

**Dátaí eile ag Éirinn ina hUachtaráin 1973-2023:**

Eanáir-Meitheamh 1975

Iúil-Nollaig 1979

Iúil-Nollaig 1984

Eanáir-Meitheamh 1990

Iúil-Nollaig 1996

Eanáir-Meitheamh 2004

Eanáir-Meitheamh 2013

AN EURO I mBÉAL AN PHOBAIL
2002
Cartlann RTÉ (rte.ie)

Is de réir a chéile, diaidh ar ndiaidh a tharla sé, le caoga bliain anuas. Ach sa lá atá inniu ann, bíonn muintir na hÉireann ag baint ar iliomad dóigheanna do bhonneagar na hEorpa in Éirinn.

Is minic gur teagmhálacha foirmiúla iad seo, agus sinn ag plé, mar shampla, leis an gclár cistithe LEADER a thacaíonn le forbairt phobail faoin tuath in Éirinn, nó sinn ag léamh tuarascáil Eurofound, a scríobhadh i mBaile Átha Cliath, faoi bheartais Eorpacha sóisialta, fostaíochta agus oibre.

Ach is minice a chastar an Eoraip orainn ar bhealaí níos laethúla idir na bóithre ar a mbímid ag tiomáint, an t-iompar poiblí ar a mbímid ag taisteal, agus an t-airgead a chaithimid san eacnamaíocht againn. Tá lorg na hEorpa chomh huileghabhálach sa saol laethúil in Éirinn anois go ndéantar talamh slán de. Is ionann ballraíocht an AE agus an deis againn ar rochtain, cearta agus cosaint níos fearr nuair a bhímid ag taisteal, ag tomhailt, ag eitilt, ag úsáid teileafón soghluaiste, nó más gá dúinn teacht ar árachas sláinte, i measc a lán socruithe eile.

Ó 1973 i leith is minice ná a mhalairt a chuir pobal na hÉireann fáilte roimh na deiseanna agus roimh an tógáil phobail a chuir ballraíocht an AE ar fáil. Tá an oiread sin de ghnéithe na hEorpa mar chuid den saol agus den chultúr laethúil anois in Éirinn nach suntasach an fháilte sin ar chor ar bith.

Is deacair Éire a shamhlú taobh amuigh den AE, ná an tAE gan Éire ann ach an oiread. Is maith a chuir Seamus Heaney i bhfriotal é, gurb ionann an tAE in Éirinn agus '*a series of ripples widening out from an original centre*'.

Isteach san Eoraip:
ÉIRE & AN tAE
1973-2023

1: **Lárionad agus Foireann An Foras Eorpach um Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, Eurofound, Baile Átha Cliath, 2018. Ba é Eurofound, a bunaíodh in 1975 i dTeach Bhaile Lachnáin, an chéad ghníomhaireacht AE a lonnaíodh in Éirinn.**

(Eurofound)

Thíos: **Marian Winget as Tamhlacht lena gcuid Euro a fuair sí ar a nótaí puint Éireannacha mar chuid den aistriú Euro ag an mBanc Ceannais, Eanáir 2001.**

(RollingNews.ie)

# AN EORAIP IN ÉIRINN






**An Taoiseach Charles J. Haughey agus an tAire Gnóthaí Eachtracha Brian Lenihan TD ag cruinniú de Chomhairle na hEorpa i Lucsamburg, Aibreán 1980. Is mór an tionchar a bhí ag Haughey agus Garret FitzGerald** (grianghraf ar an gclúdach) **ar pholaitíocht na hÉireann, agus dá réir sin ar ardán na hEorpa, le linn na 1970í, 1980í agus 1990í.**

**(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)**

**1.**



**Tá an Ghaeilge ar a lánchompord le caoga bliain san Aontas Eorpach beag beann ar chomhthéacs an Bhall-Stáit agus na hEorpa níos leithne mar atá. Is teanga chonartha í an Ghaeilge ó bhí 1973 ann, rud ab ionann agus nár aistríodh ach conarthaí an AE, ós rud é nár iarr Éire go mbeadh an Ghaeilge ina teanga oifigiúil ar theacht isteach di.**

Ach ar an 1 Eanáir 2022, tar éis feachtais saindírithe ag grúpaí Gaeilge le tacaíocht an rialtais féin, cuireadh an Ghaeilge ar chomhchéim leis an fiche trí teanga eile san AE nuair a rinneadh teanga oibre agus oifigiúil de chuid an chomhphobail di. Is ionann séala seo an AE don Ghaeilge agus aitheantas tábhachtach do cheann de na teangacha is ársa ar domhan.

Léiríonn na straitéisí seo don Ghaeilge, ag an leibhéal náisiúnta agus AE, muinín agus compord an chultúir agus na sochaí, a ghlacann lena hoidhreacht agus lena traidisiúin féin, ach atá oscailte san am céanna don rud nua agus éagsúil.

Tá an stát céad bliain ar an bhfód agus caoga bliain i gceartlár an chomhphobail Eorpaigh, agus feicimid Éire ilchineálach, ilchultúrtha ilteangach anois ag ceiliúradh na staire, an am i láthair agus na todhchaí...bíodh sin as Gaeilge, as Béarla nó as Polainnis.

# TÍR LE TEANGA



3.

1: **Paul Power** (ar clé) **agus Ciaran Russell** (ar dheis)**, baill foirne de chuid The Printed Image ag tabhairt amach phóstaeir Ghaeilge Shinn Féin maidir leis an reifreann faoin gConradh Seasmhachta Fhioscach i mBealtaine 2012.**

(RollingNews.ie)

2: **An Tánaiste Eamon Gilmore TD ag déanamh seoladh oifigiúil ar phóstaeir Pháirtí an Lucht Oibre maidir le Conradh Cobhsaíochta na Gaeilge, leis na Teachtaí Ciara Conway, Aodhán Ó Riordáin agus an Leas-Stiúrthóir Toghchánaíochta, Dominic Hannigan TD, Lár Bhaile Átha Cliath, Bealtaine 2012.**

(RollingNews.ie)

3: **Éile Ní Chianáin, buaiteoir Éireannach an chomórtais Juvenes Translatores in 2017, a aithníonn scoth na n-aistritheoirí óga san Aontas Eorpach.**

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)


VÓTÁIL
NÍL NÍL NÍL
Sinn Féin
SEAS SUAS d'ÉIRINN
VÓTÁIL
NÍL NÍL
image is everything
1.

2.

BI CINNTE
Vótáil TÁ
Lucht Oibre
labour.ie
STABILITY
YES
Labour
labour.ie
Secure Ireland's Future
YES



Bíonn ceannairí na hÉireann i láthair go rialta sa Bhruiséil chun bualadh le ceannairí an AE maidir le mórcheisteanna, lena n-áirítear le gairid an indirbheartaíocht idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe tar éis Brexit, agus an phaindéim Covid-19. Tá sé le feiceáil san íomhá conas a bhí an aontacht, an comhoibriú agus an neart a shamhlaigh Monnet le leas na hÉireann i ngeall ar an teagmháil mhéadaithe le comhtháthú na hEorpa, go háirithe i gcomhthéacs imeachtaí nach mbeadh smacht ag stát aonair orthu, agus a mbeadh de chumas acu dul i bhfeidhm go suntasach ar mhuintir na hÉireann.

(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)

# GLÓR NA hÉIREANN SAN EORAIP





**I nDeireadh Fómhair 2020, chuaigh Ursula von der Leyen, Uachtarán An Choimisiúin Eorpaigh, agus an Taoiseach Micheál Martin TD, thar phortráid mhór de Jean Monnet agus aoibh an gháire air, fear eile ar a dtugtar 'athair na hEorpa' ós é a chuir tús leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach in 1950 mar nasc idir an Fhrainc agus an Ghearmáin tar éis an Dara Cogadh Domhanda.**

Ainneoin go mbíonn roinnt daoine ag rá go bhfuil ballraíocht an AE tar éis flaitheas agus saoirse an stáit a laghdú ó thaobh chúrsaí idirnáisiúnta de, tá daoine eile ann a mheasann go bhfuil ballraíocht an Chomhphobail tar éis glór na hÉireann a neartú go hidirnáisiúnta mar bhall de bhloc láidir eacnamaíoch agus polaitiúil. Tá glór ag Éirinn i measc pobail mhóir, agus tá sin tar éis a mhúnlú conas a bhí ceannairí na hÉireann ag plé go domhanda le mórcheisteanna ár linne. Is léir i ngeall ar bhallraíocht an AE gur éirigh le hÉirinn maolúchán a dhéanamh ar chuid de na teagmhais thromchúiseacha seo a tharla le gairid sa chaidreamh idirnáisiúnta agus nach ag obair as a seasamh féin amháin a bhí sí.

**Is tionscadal é an taispeántas seo de chuid Dhoiciméid Bheartas Eachtrach na hÉireann arna chur i láthair i gcomhpháirt le hAcadamh Ríoga na hÉireann, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus An Chartlann Náisiúnta.**

**Arna léiriú ag an Dr. Miriam Nyhan Grey**
**Arna dhearadh ag Ger Garland**

Buíochas le:
**Dr Charles Dillon (RIA)**
**Dr John Gibney (RIA)**
**Dr Marie Léoutre (RIA)**
**Dr Michael Kennedy (RIA)**
**Mr Alan Kinsella**
**Dr Eoin Kinsella (RIA)**
**Dr Kate O'Malley (RIA)**
**Ger Garland**
**Orlaith McBride (An Chartlann Náisiúnta)**
**Liam Wylie (RTÉ)**
**An Post**
**Preas-Oifig Óglaigh na hÉireann**
**An Roinn Gnóthaí Eachtracha**
**Roinn an Taoisigh**
**An tSeirbhís Fís-Amhairc, an Coimisiún Eorpach**
**Lensmen Photographic Archive**
**Cartlann Náisiúnta na hÉireann**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**
***The Irish Times***
**Cartlann RTÉ**
**Rolling News**
**www.irishelectionliterature.wordpress.com**
**www.irishpoliticalmaps.blogspot.ie**
**www.irishnewsarchive.com**

Clúdach: **An tAire Gnóthaí Eachtracha Garrett Fitzgerald TD sa Bhruiséil, agus foirgeamh íocónach Bearlaymont sa chúlra, le haghaidh cruinniú de chuid Chomhairle na hEorpa, Iúil 1975.**

**(An tSeirbhís Fís-Amhairc, An Coimisiún Eorpach)**

ÉIRE AE 50

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

An Chartlann Náisiúnta
National Archives

Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

